

An Teampull i gCruach na Cara

Micilín Mac Donnchadha a d'innis

Soitheach a tháinig isteach ag Oileán Mhic Dara. Cuireadh ann í mar a bheadh drochaimsir ann. Chaith sí cupla oidhche ann agus mharbhuigh criú an tsoithigh an tarbh a bhí ar an oileán agus an reithe a bhí ar na caoirigh. Nuair a sheol sí amach san oidhche bhí sí feistighthe san áit chéadhna lá ar n-a bhárach. Rinne sí é sin ar feadh trí oidhche. Dubhairt an criú ansin le chéile gur le naomh eicínt an t-oileán agus nach raibh an ceart acu na beithidhigh a mharbhú, agus go gcaithfidís onóir éicínt a chaitheamh leis an naomh. Thógadar an teampull in onóir dó agus tá an teampall ann ó shoin.

(Ní raibh an méid sin ag Pat Villy)

28/6/34

Bhí na beithidhigh annsin gan tarbh agus na caoirigh gan reithe. Tháinig tarbh isteach ar an taobh thiar dtuaidh. Tháinig sé isteach ar snámh agus aníos trí pholl atá sa leic. Níl sa bpoll ach leithead an tairbh. Nuair a bhíonns an fhairrge mhór ann tig an t-uisce aníos de léim agus eirigheann sé go hard san aer. Poll réidhte ata sa bpoll seo. Spout a' Tairbh a tugtar air. Tháinig reithe isteach de léim ar an leic agus d'fhág a lorg ar an leic. Chonnaic mé féin an lorg. Tháinig an reithe den chlochar ar an taobh thiar ndeas. Léim sé an chuisle atá idir an clochar agus Cruach na Cara.

Micilín 28/6/34